AN MHÓRMHUIR

Is í an mhórmhuir an ghnáthóg is mó ar domhan. Tá an oiread sin rudaí beo ina gcónaí inti - ó phlanctón micreascópach agus coiréal fuaruisce go héisc agus mamaigh fathachúla go gcuirfeadh sí mearbhall ar dhuine. Cuireann sí ocsaigin, báisteach agus bia ar fáil dúinn. Ceansaíonn sí an aimsir agus cuireann sí srianta le teocht an domhain agus glacann sí méideanna ollmhóra d'ábhair thruaillithe chuici féin. Bhí an mhórmhuir ina cúis iontais agus uamhain ag daoine ó thús aimsire ach is le déanaí a thosaíomar ag fáil amach a thábhachtaí is atá sí. Fuaireamar amach leis sin go bhfuil an ghnáthóg iontach seo i dtrioblóid mhór.

Meastar gurb é planctón 90% de na rudaí beo sa mhórmhuir. Tagann an focal 'planctón' ó fhocal Gearmáinise a chiallaíonn rudaí a bhíonn ag imeacht le sruth. Tagraíonn sé don chaoi nach mbíonn planctón ag snámh ach ag imeacht le sruthanna na n-aigéan. Créatúir mhicreascópacha iad don chuid is mó. Roinntear iad ina ndá ghrúpa, fíteaplanctón (plandaí agus baictéir) agus zóplanctón (ainmhithe).

Imíonn fíteaplanctón leis na sruthanna uachtaracha agus tiontaíonn siad solas na gréine go bia trí fhótaisintéis. Itheann na sluaite ainmhithe beaga bídeacha ar a dtugtar zóplanctón na fíteaplanctón seo. Itheann zóplanctón atá beagán níos mó an zóplanctón bídeach seo agus itheann zóplanctón níos mó fós, ar nós smugairlí rón, iad sin. Itheann éisc, éin mhara agus míolta móra iad freisin. Nuair a bhíonn dath glas ar an bhfarraige, agus nuair is deacair breathnú tríd an uisce, is comhartha é sin go bhfuil an fíteaplanctón flúirseach. Nuair a bhíonn dath domhain gorm, agus nuair is féidir rudaí a fheiceáil i bhfad uait san uisce, is comhartha é sin go bhfuil an fíteaplanctón gann.

Bíonn coiréil fuaruisce le fáil san Aigéan Atlantach amach ó chósta thiar na hÉireann. Cothaíonn na coiréil fuaruisce an bithéagsúlacht agus fuarthas 1,300 speicis d'éisc agus inveirteabraigh mórthimpeall. Fásann na coiréil seo go mall ach maireann siad ar feadh i bhfad agus is féidir dochar a dhéanamh dóibh le gníomhaíochtaí mar thrálaeireacht ghrinnill le breith ar éisc. D'fhás na cairn nó na sceireacha coiréal seo leis na mílte bliain agus iad déanta don chuid is mó de cnámharlaigh coiréal crua.

I measc na speicis atá le fáil san fharraige mhór tá maicréil, scadáin agus éisc eile; mamaigh ar nós míolta móra, deilf agus muca mara; siorcanna lena n-áirítear na liamháin ghréine; ár bhfíogaigh dhúchasacha agus turtair; agus éin mhara - ar nós an ghainéid - a itheann éisc. Caitheann bradáin agus eascanna cuid dá saol sna haigéin sula bhfilleann siad ar a n-aibhneacha dúchais. Bíonn feamainn a scuabadh chun siúil ó ionaid cois cósta agus feamainn ar féidir léi fás ar mhíolta móra le fáil amuigh ar an mórmhuir. Is féidir le síolta coimhthíocha gluaiseacht na mílte míle ó oileáin i bhfad i gcéin go dtí ár gcladaigh ... fuarthas fiú cnónna cócó ar thránna na hÉireann.

BAGAIRTÍ DON GHNÁTHÓG

Ceapadh tráth nach raibh teorainn leis an méid iasc a bhí sna farraigí ach fuaireamar amach go bhfuil agus tá laghdú ag teacht ar a lán speicis iasc de bharr ro-iascaireacht. Tá an iomarca bád iascaigh sa tóir ar líon ró-bheag iasc, agus tá trálaeir ag déanamh dochar d'éiceachórais leochaileacha na gcoiréal fuaruisce seo againne.

Gluaiseann tocsainí ó dhramhaíl arna dumpáil san farraige suas an bhiashlabhra agus is cuid den bhiashlabhra sin muidne. Tagann fás iomarcach ar algaí de bharr thruailliú orgánach agus múchann siad sin beatha na mara. Nuair a dhoirtear ola déantar scrios ar an timpeallacht agus ar mhamaigh agus ar éanlaith na mara.

Cothaíonn méadú ar an méid dé-ocsaíde carbóin san atmaisféar aigéadú agus cuireann sé éiceachórais shomhillte i mbaol. Is féidir leis na harduithe i dteas na n-aigéan de bharr téimh dhomhanda tionchar a bheith acu ar dháileadh aon speiceas mara i slí go bhféadfaí speicis fuaruisce a chailliúint agus méadú teacht ar speicis na n-uiscí teo. Tá an téamh domhanda ag cur le fraoch agus miniciocht stoirmeacha agus ag ardú leibhéil na farraige.

CAD IS FÉIDIR LE DAOINE A DHÉANAMH CHUN AN GHNÁTHÓG A CHOSAINT

Má dhéanann tú rudaí simplí mar soilse, ríomhairí agus teilifíseáin agus trealamh eile a mhúchadh is féidir leat difríocht shuntasach a dhéanamh. Téigh chuig *www.change.ie* chun eolas a fháil faoi conas do lorg carbóin a laghdú.

Ith níos lú bia mara agus ceannaigh bia mara ó fhoinsí inbhuanaithe amháin (féach *www.ssc.org*). Bíodh bádóireacht shábháilte ghlan á chleachtadh agat agus bí cúramach gan dochar a dhéanamh don fhiadhúlra. Is minic a fhaightear malaí plaisteacha ag snámh mar bhruscar sa mhórmhuir agus measann éisc gur smugairlí róin atá iontu agus tachtann siad orthu. Má laghdaíonn tú an méid málaí plaisteacha a úsáideann tú cabhróidh tú le héisc a choinneáil slán.

TUILLEADH EOLAIS

- Foras na Mara: *www.marine.ie*
- Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann: *www.iwt.ie*
- Faire Cósta na hEorpa: *www.coastwatch.org*
- An Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna: *www.iwdg.ie*
- Stáisiún Muirí Inis Arcáin: *www.sherkinmarine.ie*
- Faisnéis faoi choiréal fuaruisce: *www.lophelia.org*
- An Chomhairle Oidhreachta: www.heritagecouncil.ie
- World Wide Fund for Nature: *www.panda.org*